

Riachtanais agus Oideachas Speisialta i gColáiste Íde

Réamhráiteas

Socraíodh athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí i 2010 chun a bheith cinnte go bhfuil an polasaí éifeachtach, cóir agus de réir an reachtaíocht cuí

Scóp

Baineann an polasaí seo le gach scoláire i gColáiste Íde atá i dteideal tacaíocht breise i leith riachtanais agus/ nó oideachais speisialta.

Gaol le Ráiteas Misin agus Éiteas na scoile

Ta dlúth cheangal idir an cód seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde sa Ráiteas Misin.

Is é príomh aidhm na scoile ná “forbairt an duine ina iomláine”. Is é an brí atá le seo ná forbairt ar gach gné de shaol an duine- sóisialta, spioradálta, cruthaitheach, intleachtúil, aeistéiticiúil, fisiciúil agus morálta. Tá sé mar aidhm againn na daltaí a ullmhú chun a n-áit a ghlacadh go fiúntach sa sochaí.

Réasúnacht

Beifear ag súil le polasaí éifeachtach gníomhach ionas go bhfuil an timpeallacht foghlamtha eagraithe, rud a chinntíonn go gcuirfear oideachas iomlán ar fáil, do gach dalta.

Aidhmeanna

Is iad na haidhmeanna atá againn i leith Oideachas agus Riachtanais speisialta ná

1. Cabhrú le daltaí go bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu páirt gníomhach a ghlacadh laistigh den gnáth rang, ag leibhéal oiriúnach dóibh
2. Scileanna bunúsacha a mhúscailt iontu, ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh sa churaclam iomlán
3. Meon dearfach a fhorbairt agus a chothú iontu, dearcadh deimhneach a spreagadh maidir le foghlaim agus scoil de
4. Féin mhuinín a mhúscailt ins gach dalta
5. Scoláirí a fhorbairt maidir le foghlaim neamh spleách
6. Acmhainní breise a chur ar fáil sna hábhair go háirithe i mBéarla & i Mata

7. Comhoibriú agus tacaíocht na dtuismitheoirí / caomhnóirí a fháil trí chlár tacaíochta cuí a chur i bhfeidhm
8. Córas monatóireachta a bhunú, chun dul chun cinn na ndaltaí seo a mheas
9. Cabhair agus tacaíocht na múinteoirí do pholasaí Oideachas agus Riachtanais Speisialta a fháil

Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bpolasaí a dhearbhu agus tá foireann uile na scoile freagrach as an bpolasaí a chur i ngníomh go laethúil.

An Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach

Sé ról an phríomhoide/phríomhoide tánaisteach i leith feidhmiú an pholasaí ná

- Co-órdnú a dhéanamh ar an bplean agus an clár ama don tacaíocht foghlamtha
- Dul i dteagmháil le gníomhaireacht seachtrach agus an síceolaí nuair is gá
- Monatóireacht a dhéanamh ar an próiseas roghnaithe
- Liosta dos na daltaí go léir atá i dteideal tacaíocht a choimeád
- Próifíl indibhidiúil oideachasúil a dhéanamh dóibh siúd atá i dteideal riachtanais oideachais speisialta
- Feidhmiú agus bainistiú a dhéanamh ar na teisteanna feabhais do bhliain a haon
- Dul i gcomhairle leis an bhfoireann teagaisc ar bhonn leanúnach agus moltaí ós na tuairiscí a phlé
- Tuismitheoirí/ Caomhnóirí a chur ar an eolas faoi teacht ar thacaíocht foghlamtha

Múinteoirí

Aithníonn an scoil ról na múinteoirí i bhforbairt agus dul chun cinn gach dalta ina rang, iad siúd le riachtanais speisialta san áireamh. Sé ról an mhúinteora ná pleanáil a dhéanamh chun freastal ar riachtanaisí gach scoláire sa rang. Déanfaidh an múinteoir ábhair na hathruithe caoi sna straitéisí múinteoireachta agus sna cuspóirí foghlamtha ionas go ndéanfaidh na scoláirí an dul chun cinn atá ar a gcumas.

Cuirfear deacrachtaí foghlamtha san áireamh agus obair bhaile á leagadh amach.

Beidh teangmháil idir an múinteoir ábhair agus an múinteoir tacaíocht foghlama ar bhonn leanúnach, agus leas á bhaint as an leabhrán lárnach

- Teasc leabhair caoi a úsáid
- Foclóir téarmaíochta aitheanta á úsáid
- Cur chuige aitheanta maidir le foghlaim litriú
- Úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun cur le litriú agus uimhríocht
- Modhanna teagasic éagsúla a úsáid sa seomra ranga
- Gníomhaíochta a chothaíonn feabhsú uimhríochta agus litriú a spreagadh
- Rang léitheoireachta a chur ar fáil nuair is gá agus leas a bhaint as irisleabhair agus nuachtáin
- Úsáid leabharlann spreagúil lasmuigh agus laistigh den rang
- Gníomhaíochtaí a spreagadh a chothaíonn agus a mhéadaíonn féin mhuintín an dalta
- Acmhainní a choimeád suas chun dáta

Múinteoir Tacaíocht Foghlama

Aithníonn an scoil ról an múinteoir tacaíocht foghlama a chuireann an tacaíocht cuí ar fáil ar bhonn leanúnach de réir treoireacha an múinteoir ábhair agus moltaí ón measúnú i gcás riachtanais speisialta.

Tuismitheoirí/ Caomhnóirí

Déanfar comhoibriú na dtuismitheoirí a spreagadh agus a mhúscailt trí chumarsáid leis an bpríomhoide agus múinteoirí tacaíochta foghlamtha tríd na cruinnithe múinteoirí agus le litreacha. Bíonn cruinniú tuismitheoirí / múinteoirí uair sa bhliain ina ndéantar dul chun cinn an scoláire a phlé.

Bord Bainistíochta

- Is é an Bord Bainistíochta a dheineann bainistiú thar ceann na scoile. Aithníonn an scoil ról an Bhoird i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an pholasaí.
- Déantar forbairt ar gach polasaí fé údarás an Bhoird agus is le húdarás an Bhoird a cuirtear i bhfeidhm gach polasaí.

Rann pháirtíocht

Déanfaidh an scoil gach aon iarracht go mbeidh gach deis ag gach aon dalta a bheith páirteach i ngach gníomh agus gné de shaol na scoile, chomh mór agus is féidir.

Eagrú agus Pleanáil

Mar chuid den eagrúcháin caithfear

- Aitheantas a thabhairt dos na daltaí atá i dteideal tacaíocht foghlamtha
- Plean gníomhach a chur i bhfeidhm dóibh, trí dul i gcomhairle leis na múinteoirí éagsúla
- Comhoibriú idir na múinteoirí ábhair agus na múinteoirí tacaíocht foghlamtha a chothú
- Tacaíocht breise a chur ar fáil i Mata & sa Bhéarla go háirithe, agus na hábhair eile ag braith ar riachtanaisí na ndaltaí

Aitheantas/Próiseas Roghnaithe

Tugtar aitheantas do dhaltaí atá i dteideal tacaíocht foghlamtha trí:

1. Dul i gcomhairle leis an mbunscoil agus tuismitheoirí/ caomhnóirí daltaí nua (Aguisín 3)
2. Aon mheasúnú foghlamtha atá déanta ar dhalta a chur ar fáil don scoil
3. Teisteanna caighdeánacha a dhéanamh i dtosach bliain a haon (Aguisín 4)
 - NRIT
 - *Reading*
 - *Spelling*
 - Mata
4. Dul i gcomhairle leis na múinteoirí ábhair agus de réir dul chun cinn an dalta sna scrúdaithe ranga agus scrúdaithe tí

Plean Gníomhach

Oideachas Speisialta

Roghnófar na scoláirí bunaithe ar thorthaí na dteisteanna caighdeánacha. Déanfar daltaí eile a roghnú tar éis teagmháil leis na múinteoirí ar bhonn leanúnach.

Tar éis an phróiseas roghnaithe caithfear dul i gcomhairle le tuismitheoirí / caomhnóirí na ndaltaí. (Aguisín 2)

Tugtar tús áite dos na daltaí de réir tosaíocht an riachtanais, bunaithe ar na hacmhainní atá le fáil.

Riachtanais Speisialta

Cuirfear socraithe i bhfeidhm dos na scoláirí atá i dteideal uaireanta chloig riachtanais speisialta bunaithe ar na treoirlínte ón measúnú agus tar éis dul i gcomhairle leis an SENO/An Roinn Oideachais.

Próiseas ó thaobh measúnú seachtrach a dhéanamh

- Tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann teagaisc, na tuismitheoirí /caomhnóirí maidir le riachtanais na ndaltaí déanfar teagmháil leis an síceolaí
- Déanfar an t-eolas cuí a bhailiú ós na múinteoirí, tuismitheoirí/ caomhnóirí agus ón dalta agus an fhoirm a líonadh amach
- Cuirfear na foirmeacha agus foirm ceadaithe ar aghaidh go dtí an síceolaí.

Próifíl Indibhidiúil Oideachasúil

Beidh próifíl indibhidiúil ar fáil dos na dalta atá i dteideal oideachas riachtanais speisialta. Sé an t-eolas a bheidh ann ná

- Ainm an dalta
- Seoladh an dalta
- Dáta Breithe
- Torthaí an dteisteanna feabhais
- Cuntas ón mheasúnú
- Láidreachtaí, deacrachtaí agus spriocanna
- Aon eolas tábhachtach ós na tuismitheoirí, an síceolaí nó ón dalta

Déanfar an próifíl a líonadh le comhairle ós na múinteoirí, na tuismitheoirí agus an dalta ag tús na scoil bliana.

Socrú maidir leis na ranganna

Tógfar daltaí ós na ranganna Teagasc Creidimh nó O.S.P.S., Béarla deaslabhartha agus cuirfear ranganna ar fáil idir 8:30-9:00r.n. agus idir 1:30-2:00i.n.

Taifead

Déanfar

- Liostaí na ndaltaí
- Na cláir ama
- Na próifíl indibhidiúil oideachasúil
- Cuntas leanúnach oibre í leith oideachas agus riachtanais speisialta a choimeád í leabhrán lárnach, a bheidh le fáil í Seomra na Múinteoirí, in ait sábháilte ar bhonn leanúnach.

Rúndacht

Déanfar deimhin de

- Go mbeadh na próifíl indibhidiúil, na torthaí agus na cuntais uile faoi rún, ag teacht leis an tAcht um Chosaint Sonraí 1988
- Beidh deis ag na tuismitheoirí teacht ar sonraí tacaíocht foghlama, de réir iarratas

Aidhmeanna don todhchaí

- Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí gach dhá bhliain amach anseo
- Déanfar na hacmhainní a fhorbairt agus a mhéadú
- Déanfar próifíl indibhidiúil oideachasúil a chur ar fáil dos na daltaí atá i dteideal oideachas riachtanaisí speisialta
- Seomra le timpeallacht spreagúil a chur ar fáil dos na ranganna

(Aguisín 1)

Próifil Indibhidiúil Oideachasúil

Ainm an dalta		Dáta an P.I.O.	
Dáta Breithe		Dáta áth-bhreithniú	
Bliain/ Múinteoir Ranga		Baill í láthair don P.O.I.	

Torthaí na Teisteanna

Dáta	Teist	Marc

Láidreachtaí	
Deacrachtaí	
Cuspóirí & Spriocanna	

Eolas breise

Múinteoirí

An Dalta

Tuismitheoirí/ Caomhnóirí

Síceolaí

(Aguisín 2)

Litir Shamplach maidir le Ranganna Oideachas Speisialta

Coláiste Íde
Daingean Uí Chúis
Co Chiarraí
Dáta:

Ainm an dalta _____

A Thuismitheoir/ Caomhnóir Dhil,

Is main liom a chur in iúl duit go bhfuilimid tar éis na teisteanna feabhais a dhéanamh agus a cheartú. Bunaithe ar na torthaí atá faighte ag d'iníon sa _____ beifear ag moladh go mbeadh sí ag freastal ar rang oideachais speisialta uair sa tseachtain chun breis tacaíocht a thabhairt dí ar bhonn leanúnach. Beifear ag déanamh athbhreithniú ar dul chun cinn d'iníon arís sa chéad téarma eile.

Má tá tú toilteanach ligint dod' iníon freastail ar an rang, ar mhiste leat an leathanach seo a shíniú agus é a sheoladh thar n-ais go dtí an Choláiste.

I would like to inform you that we have completed and corrected the standardised tests for our 1st year pupils. Based on the results of your daughter in the _____ test, we would be advising that she avail of one extra learning support class per week. We will be reviewing her progress in the next term.

If you are willing to allow your daughter to partake in this class, kindly sign the slip below and return it to the school.

Tugaim cead dom' iníon _____ freastal ar an rang oideachas speisialta

I permit my daughter _____ to attend the learning support class

Síniú (Signature)

(Aguisín 3)

Litir Samplach maidir le na teisteanna feabhais

A Thuismitheoir/ Caomhnóir Dhil,

De réir Acht Oideachais 1998 tá sé tábhachtach go gcuirfidh scoileanna gach acmhainn chuí ar fáil chun ‘a chinntiú go bhfreastalóidh scoileanna ar riachtanais na ndaltaí uilligh’. ‘Sé polasaí na scoile ná measúnú a dhéanamh ar gach dalta sa chéad bhliain.

Tá síceolaí oideachais ar fáil freisin don scoil. Anois is arís bíonn orainn úsáid a bhaint as an seirbhís seo chun feabhas a chur ar an dtacaíocht a thugaimid don dalta. (Níl sé i gceist go mbeidh an dalta i dteagmháil leis an síceolaí)

Tá an scoil dá bhrí sin ag lorg cead:-

- Chun teisteanna cuí a eagrú a chabhróidh linn riachtanais an dalta a aimsiú. Tá súil againn na teisteanna seo a eagrú chomh luath & is féidir.
- Chun cead a thabhairt dúinn dul i gcomhairle leis an síceolaí má bhíonn gá.

Má tharlaíonn sé go mbeidh gá le cruinniú nó measúnú leis an síceolaí beidh orainn cead speisialta a lorg ort (oraibh)

Tá súil againn go gcabhróidh an seirbhís seo go mór leis na daltaí a fhreastalaíonn ar an scoil.

Seol an bileog thíos ar ais chugainn láithreach **muna mian leat** go ndéanfadh d’iníon na teisteanna seo.

Ní thugaim cead don scoil teisteanna a eagrú chun cabhrú leis an dalta agus chun dul i gcomhairle leis an síceolaí más gá.

Síniú an Tuismitheora/Caomhnóra_____